# IARRATAS CHUN UIMHIR CLÁRÚCHÁIN FEITHICLE A CHUR IN ÁIRITHE
# (Foirm VRT 15A)

**SONRAÍ AN IARRATASÓRA (úinéir na feithicle amháin))**

**Ainm:** ______

**Seoladh:** ______

**Fón:** ______

**Ríomhphost:** ______

**Uimhir Chánach ( UPSP / CBL / TAN ):** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**Is mian liom an Uimhir Chlárúcháin seo a leanas a chur in áirithe lena shannadh don fheithicil ar leis an iarratasóir thuasluaite:**

**Bliain** ☐☐ **Leathbhliain*** ☐ **Ceantar** ☐☐ **Uimhir** ☐☐☐☐☐☐

- Ceanglaím leis seo : **Seic** ☐ **Dréacht Bainc** ☐ **Ordú Poist** ☐ (cuir tic de réir mar is cuí) le haghaidh €1,000.
- Tuigim nach bhféadtar uimhir chlárúcháin in áirithe a shannadh d'fheithicil ach amháin nuair atá sé bainte amach sa ghnáthsheicheamh agus nach bhféadtar é a chrochadh ar fheithicil sula sannann na Coimisinéirí Ioncaim go foirmeálta é tar éis an dearbhú comhlánaithe le haghaidh clárúcháin a bheith curtha faoina mbráid agus glactha leis.
- Tuigim nach bhféadtar uimhir clárúcháin in áirithe a shannadh agus a eisiúint d'fheithicil ach amháin sa bhliain inar tugadh an fheithicil isteach le haghaidh úsáide den chéad uair..
- **Tuigim nach n-aisíocfar an táille.**
- **Aontaím leis na coinníollacha sa liosta thíos.**

*Leathbhliain – "1" má tá an fheithicil le teacht isteach in úsáid idir an 1 Eanáir & an 30 Meitheamh; "2" más idir an 1 Iúil agus an 31 Nollaig a thiocfaidh sé in úsáid

Síniú: ______ Dáta: ☐☐☐☐☐☐

Ainm: (Bloclitreacha) ______

Post sa Chomhlacht: (Má táthar ag síniú thar ceann comhlachta))

______

**Tabhair na coinníollacha seo a leanas do d'aire:**

- Ní mór gurb é ainm an iarratasóra ainm an duine nó an eintitis atá cuntasach go dlíthiúil a choinneoidh an fheithicil. Ní ghlactar le hainm trádála nach ainm an eintitis atá cuntasach go dlíthiúil é.
- Ní ghlacfar le hiarratais ach amháin ón 1 Samhain den bhliain roimhe. Ní fhéadtar u imhreacha a úsáid ach amháin sa bhliain féilire chuí.
- Ní mór go dtiocfadh an uimhir chlárúcháin leis an áit (limistéar an údaráis ceadúnúcháin) a mbeidh gnáthchónaí ar an iarratasóir ag tráth an chlárúcháin. Ba chóir go dtiocfadh sé seo leis an seoladh atá ceangailte le huimhir chánach an iarratasóra. Níl Uimhreacha Clárúcháin in Áirithe inaistrithe.
- Ní fhéadtar uimhir clárúcháin in áirithe a shannadh agus a eisiúint d'fheithicil ach amháin sa bhliain inar tugadh an fheithicil isteach le haghaidh úsáide den chéad uair.
- Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach táille in-aisíoctha é an táille le haghaidh iarratas rathúil.

- Ba chóir an táille €1,000 (seic/dréacht bainc/ordú poist iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim) a chur iniata leis an bhfoirm seo. **https://www.revenue.ie/ga/vrt/vehicle-registration-tax/registration-plates-and-format-standards.aspx**
- Ba chóir an t-iarratas comhlánaithe a sheoladh chuig: **An tSeirbhís Náisiúnta CCF, Na Coimisinéirí Ioncaim, Sráid Áine, Loch Garman, Y35 E29K**

**D'ÚSÁID OIFIG NA SEIRBHÍSE NÁISIÚNTA CCF AMHÁIN**

Tá taifead den iarratas déanta in:- ☐ **ITP** ☐ **D/B**

Ar eisíodh fógra um áirithint? ☐ **Eisíodh**

Tá an Uimhir Admhála: ________ eisithe.

Síniú: ________ Dáta ________

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim